# CUID 8: FÓGRA SUÍMH

**An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)**

**Iarratasóir:** COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH – RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA AGUS POBAIL

**Suíomh**: EASTÁT CHÚIRT GLOVER, SRÁID EABHRAC, BAILE ÁTHA CLIATH 2

**Togra**: De bhun cheanglais an mhéid thuasluaite, tugtar fógra leis seo maidir leis an athfhorbairt bheartaithe ar Eastát Chúirt Glover, Sráid Eabhrac, Baile Átha Cliath 2.

Atá cuimsithe faoi láthair sa suíomh 0.215 heicteár a bhfuil 2 bhloc tithíochta cúig urlár ina soláthraítear 38 áit chónaithe ann faoi láthair, arb ionann iad agus scéim tithíochta Eastát Chúirt Glover.

Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhainisteoidh an fhorbairt bheartaithe, ina gcuimseofar:

- Foirgneamh cónasctha ina mbeidh bloc cúig urlár agus bloc sé urlár le taobh Shráid Eabhrac, agus bloc seacht n-urlár le taobh Shráid Mercer
- 53 áit chónaithe (15 n-árasán aon seomra leapa, 30 árasán dhá sheomra leapa, 8. n-árasán trí sheomra leapa) le soláthar
- Dian-aisfheistiú le déanamh ar an 2 bhloc tithíochta atá ann agus síneadh a cur leo
- Bloc Shráid Eabhrac le síneadh/bá cliathánach le cur lena dhá cheann agus urlár uachtarach breise amháin le cur leis
- Bloic Shráid Mercer le síneadh/bá cliathánach le cur leo ag coirnéal Shráid Eabhrac agus 2 urlár uachtaracha breise le cur leo
- Staighre nua agus croíthe nua ardaitheora, ceann amháin díobh i ngach bloc, le suiteáil i ngreille an fhráma atá ann
- Aghaidh sheachtrach nua le cur ar an bhfoirgneamh ar fad lena mbeidh deic le rochtain ar an gclós laistigh agus balcóin le rochtain ar na haghaidheanna le taobh na sráide
- Bealach isteach nua d'fheithiclí agus bealach amach nua do choisithe ó Lána na hUillinne in éineacht le hobair ghaolmhar feabhsaithe sráide/bóthair
- 9 n-áit nua páirceála le soláthar go sonrach do chónaitheoirí, lena n-áireofar 1 áit inrochtana agus 4 luchtphointe d'fheithiclí leictreacha agus 100% den infreastruchtúr duchtála san áireamh
- Spás comhroinnte taitneamhachta le huasghrádú ina chlós laistigh; tírdhreachú nua; struchtúr coimhdeach/pailliún le haghaidh páirceáil dhaingean rothar do chónaitheoirí; obair a bhaineann le hinfreastruchtúr an tsuímh/infreastruchtúr tacaíochta; soilsiú poiblí; athchóiriú ar rochtain, cosáin, cóireáil teorainneacha agus gach obair riachtanach eile chumasúcháin agus a bhaineann le feabhsú an réimse phoiblí.

Rinneadh Measúnacht Chuí ar an togra i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.
I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus ba é a chonclúid:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe, ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán/láithreáin Eorpach(a) agus mar sin níl gá le Measúnacht Chuí Céim 2.
(b) Níl fíordhóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag eascairt as an bhforbairt bheartaithe agus ní d'aicme den chineál a leagtar amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, í an fhorbairt bheartaithe, agus mar sin níl gá le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT).

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagthástála maidir le cé acu ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Féadfar Pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse de **4 seachtaine ón**,**29/07/2025** le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, an Bunurlár, Oifigí Cathartha, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Dé Luain - Dé hAoine, 9.00am go 4.30pm. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: engage.dublincity.ie/en-IE/projects/glover-court-housing-regeneration-part-8-planning-consultation ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Féadfar aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt bheartaithe, ina bpléitear le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina suiteálfaí an réadmhaoin, a chur i scríbhinn chuig an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Na hOifigí Cathartha, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4:30pm ar **10/09/2025.** Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a chur in iúl ar engage.dublincity.ie/en-IE/projects/glover-court-housing-regeneration-part-8-planning-consultation líne ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59pm ar an **10/09/2025**.